

Trasteangú san oideachas lán-Ghaeilge: Deiseanna agus dúshláin

Coimriú

Is éard atá i gceist le *trasteangú* ná malartú córasach idir dhá theanga sa seomra ranga tumoideachais, chun tacú le foghlaim an ábhair agus le forbairt inniúlachta sa dá theanga de réir mar a théann na daltaí i dtaithí ar an dátheangachas. Ní réitíonn an *trasteangú* go maith le prionsabail an tumoideachais iomláin ar a bhfuil an t-oideachas Gaeltachta agus an tumoideachas lán-Ghaeilge bunaithe go daingean. Sa staidéar comparáideach seo, tugtar tuairisc ar dhearcthaí agus ar eispéiris múinteoirí i gcomhthéacsanna na Gaeltachta agus na gaelscoile i leith ról an *trasteangaithe* mar uirlis oideolaíoch. I measc na bhfoinsí sonraí, áirítear agallaimh aonair, fócasghrúpaí agus breathnóireachtaí sa seomra ranga. Bíodh is gur aimsíodh éagsúlachtaí i ndáil le beartais a bhain go sonrach leis an gcomhthéacs, thug na múinteoirí le fios go mbíonn coimhlint ar siúl go síoraí seasta idir úsáid chórasach phríomhtheanga na ndaltaí mar acmhainn agus neart deiseanna a chothú d'ionchur agus do chleachtadh sa tumtheanga. Ba dheacair do mhúinteoirí na buntáistí a bhaineann leis an *trasteangú* mar oideolaíocht thras-teanga sa tumoideachas a shainmhíniú agus a thuiscint. Soiléiríonn na torthaí taighde uiscí suaite na hoideolaíochta tras-teanga agus an fhéidearthacht atá fós le baint amach maidir le T1 sa tumoideachas.

1. Réamhrá

Tuigeann múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge go rímhaith gurb í an Ghaeilge an uirlis a bhíonn in úsáid ag daltaí chun eolas a chruthú agus chun an domhan a thuiscint. Bíonn sealbhú na Gaeilge á chomhtháthú san fhoghlaim i gcás na n-ábhar ar fad. Déantar é sin trí thimpeallacht foghlama atá saibhir ó thaobh teanga de, réimse ócáidí foghlama dílse éagsúla, agus cultúr scoile beo a chur ar fáil. Agus iad ag foghlaim na Gaeilge i dtimpeallacht lán-Ghaeilge, bíonn deis ag na daltaí machnamh a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an chéad teanga atá acu agus an Ghaeilge, rud a chuireann lena máistreacht ar an dá theanga.

(Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2015, lgh. v-vi).

Níos mó ná riamh, tá taighdeoirí ar an oideachas sa dara teanga ag éileamh go n-úsáidí cleachtas oideolaíochta *trasteangaithe* i gcláir dhátheangacha/thumoideachais chun foghlaimoírí dátheangacha agus a múinteoirí a spreagadh le leas a bhaint as a n-acmhainní teanga ar fad (mar shampla Canagarajah, 2011; Cummins, 2014; García, 2009; García & Wei, 2014). Réasúnaíocht lárnach don chomhtháthú thar theangacha is ea gur féidir éifeachtúlachtaí foghlama a bhaint amach nuair a tharraingíonn múinteoirí aird na ndaltaí go follasach ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na teangacha atá acu agus nuair a threisiúnn siad straitéisí foghlama lárnacha ar bhealach comhordaithe.

Féachann Curaclam Teanga na Bunscoile (2015) le cur leis an méid aistrithe idir an Ghaeilge agus an Béarla an oiread agus is féidir, agus leis an méid torthaí foghlama cosúla nó comhionanna a bhíonn á theagasc sa dá theanga a laghdú an oiread agus is féidir. Tuigtear gur próiseas comhtháite atá i bhfoghlaim teanga ach tá ceisteanna ann, mar sin féin, maidir le T1 na ndaltaí a úsáid mar acmhainn d'fhoghlaim T2 sa tumoideachas. Cé na feidhmeanna sainiúla a bhaineann le T1 i bhfoghlaim T2 sa tumoideachas? Cathain agus conas is féidir an úsáid is éifeachtaí a bhaint as T1 in oideolaíocht an oideachais lán-Ghaeilge chun foghlaim T2 a fheabhsú?

2. Oideachas lán-Ghaeilge: I dtreo sainmhínithe

Tá sé tábhachtach a shonrú ag an bpointe seo go bhfuil ann do dhá chineál oideachais lán-Ghaeilge: oideachas lán-Ghaeilge sa teanga chothabhála/oidhreacht agus tumoideachas lán-Ghaeilge. Níl ann do theorainneacha slachtmhara idir na creataí coincheapúla sin áfach.

2.1 Oideachas lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht

Is samhail saibhriúcháin dhátteangach í an tsamhail tumoideachais a bhíonn in úsáid i scoileanna lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann. Bíonn samhail an 'lán-tumoideachais luaith' i bhfeidhm i bhformhór na scoileanna lán-Ghaeilge faoina ndéantar na leanaí a thumadh sa Ghaeilge ón gcéad lá ar scoil sna naíonáin bheaga. An aidhm atá leis an oideachas lán-Ghaeilge is ea eispéiris oideachasúla a sholáthar trína dtacaítear le gnóthachtáil acadúil agus forbairt agus inniúlacht theangeolaíoch ar leibhéal ard sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. Go hacadúil, tá daltaí tumoideachais ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde ná daltaí ar chomhaois leo in oideachas príomhshrutha (Gilleece et al., 2011). Cé go léiríonn daltaí tumoideachais lán-Ghaeilge inniúlacht T2 níos airde ná daltaí in oideachas príomhshrutha (Harris, 1988; Harris agus Murtagh, 1987, 1988; Harris et al., 2006), bíonn an chaint breac le gramadach agus le stór focal míchruinn (Ó Duibhir, 2009). Bíonn leagan simplithe in úsáid acu, bunaithe ar agus teoranta do réimsí scoile. Bíonn tras-aistriú i gceist ón mBéarla ach go háirithe nuair a bhaineann sé le stór focal agus comhréir agus ní bhíonn caint nádúrtha ná nathanna cainte an chainteora dúchais acu.

2.2 Oideachas lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht

Is iondúil a sholáthraítear oideachas lán-Ghaeilge sa teanga chothabhála/oidhreacht do dhaltaí arb í an Ghaeilge an mháthairtheanga (T1) acu atá ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht¹. Tá sé léirithe go soiléir le déanaí go bhfuil ann do bhagairtí soiléire ar inbhuanaitheacht na Gaeilge mar theanga an phobail sa Ghaeltacht, agus is léir go bhfuil baol an iompaithe teanga ag méadú (Mac Donnacha et al., 2005, Ó Giollagáin et al., 2007). Cé go bhfuil 96,090 duine ag cur futhú sa Ghaeltacht níor chuir ach 20,586 (21.4%) dóibh siúd in iúl go labhraíonn siad an Ghaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais (Príomh-oifig Staidrimh, 2016). Titim 11.2% é seo ar dhaonáireamh 2011 inar léirigh 23,175 go raibh Gaeilge á labhairt acu go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Aithnítear anois go bhfuil líon na bpáistí atá ina gcainteoirí dúchais ag laghdú (Mac Donnacha et al. 2005; Ó Giollagáin et al. 2007), go bhfuil líon na gclanna atá ag seachadadh na Gaeilge go dtí an ghlúin óg titithe (Ó Giollagáin et al., 2007) agus go bhfuil an Béarla in uachtar mar theanga chumarsáide i measc páistí Gaeltachta, fiú sna ceantair Ghaeltachta is láidre (Mac Donnacha et al. 2005). Déantar catagóiríú sochtheangeolaíochta anois ar cheantair Ghaeltachta bunaithe ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge atá lonnaithe sna ceantair sin (Ó Giollagáin et al., 2007). I nGaeltacht Chatagóir A, tá an Ghaeilge fós in uachtar mar theanga phobail agus í á labhairt ag 67% nó níos mó den daonra (os cionn 3 bliana) go laethúil. Sna catagóirí Gaeltachta eile (B & C), tá an Béarla in uachtar mar theanga labhartha an phobail ach amháin go bhfuil an malartú teanga ón nGaeilge i dtreo an Bhéarla níos faide chun cinn i gCatagóir C. Ar an ábhar sin, ní ar dhaltaí T1 amháin a fhreastalaítear leis an gcineál sin oideachais lán-Ghaeilge a bhfuil an cothú teanga mar aidhm leis.

3. Trasteangú

3.1 An doiléireacht a shoiléiriú

Léiríonn fianaise ó réimsí amhail an t-oideachas ilteangach (García, 2009; García & Wei,

¹ Ceantar ina mbíonn an Ghaeilge á labhairt

2014), an tsíceolaíocht chognaíoch (Kroll, Bobb & Hoshino, 2014), oideachas sa dara teanga (Comhairle na hEorpa, 2000) agus an teangeolaíocht (Canagarajah, 2011) go bhfuil baint chasta dhinimiciúil idir na teangacha agus i measc na dteangacha atá ag daoine dátheangacha. Ba é Cen Williams, oideachasóir iomráiteach ón mBreatain Bheag, a bhain leas as an téarma ‘trasteangú’ (*trawsieithu*) den chéad uair mar shainmhíniú ar “the planned and systematic use of two languages for teaching and learning inside the same lesson” (Lewis, Jones & Baker, 2012, lch 643). Cuimsítear le trasteangú béim ar thionscnaimh theagaisc faoi stiúir an mhúinteora mar aon leis na próisis foghlama a bhíonn ar siúl ag na foghlaimeoirí agus/nó a mbaineann siad leas astu (Cummins, 2014). Luaitear sainmhíniú níos leithne ná sin ar ndóigh agus é maíte anois gur gnáthchleachtas coitianta é an trasteangú i measc pobal dátheangach agus ilteangach ar fud an domhain, ina mbaineann cainteoirí úsáid as a *répertoire* iomlán teanga, chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh (García, 2018; García & Wei, 2014; Otheguy, García & Wallis, 2015). I rith an teagaisc agus na foghlama sa tumoideachas aithnítear go mbíonn naisc thras-teanga á ndéanamh gan choinne ag daltaí agus ag múinteoirí. Cé gur sainaithníodh réimse leathan gníomhaíochtaí in iliomad staidéar taighde, tá sé tábhachtach a shonrú go mbíonn éifeachtacht gach gníomhaíochta ar leith ag brath ar roinnt athróga éagsúla, mar shampla an tsamhail tumoideachais; spriocanna agus comhthéacs; stádas na dteangacha teagaisc; riachtanais, cumais agus cúlra na ndaltaí ó thaobh foghlaim teanga de; saolréimeanna agus prionsabail chreidimh múinteoirí tumoideachais srl.

3.2 Tairbhí na gcleachtas tras-teanga in oideachas T2

Tá tairbhí cognaíocha, sóisialta agus teangeolaíocha an aistriúcháin i measc foghlaimeoirí tumoideachais tuairiscithe ag go leor taighdeoirí (mar shampla Cummins, 2014; Swain & Lapkin, 2013). Tugann Manyak (2004) le tuiscint go ndéantar forbairt na délitearthachta agus sealbhú na tumtheanga araon a chur chun cinn nuair a spreagtar daltaí tumoideachais a T1 a úsáid mar acmhainn foghlama. Maíonn sé freisin go gcuirtear chun cinn *féiniúlachtaí inniúlachta* leis an aistriúchán, agus go mbíonn ról lárnach aige maidir le “making activities accessible for very limited English speakers” (Cummins, 2014, lch 14).

Nuair a d’fhéach siad ar úsáid T1 i measc daltaí tumoideachais i rith tascanna comhoibríocha, thuairiscigh Swain agus Lapkin (2000) go ndeachaigh na daltaí i muinín T1 chun aird a dhíriú ar an tasc idir lámha, chun dul chun cinn a dhéanamh sa tasc, agus le haghaidh cúiseanna idirphearsanta. Is é an tátal a bhain na taighdeoirí sin as an taighde ná gur mó an gá a bhíonn ag na daltaí ar chumas níos ísle dul i muinín T1 agus, gan dul ina mhuinín, nach mbeadh daltaí in ann tascanna áirithe a chur i gcrích. Tugann scoláirí tumoideachais áirithe (mar shampla Cummins, 2014; Swain agus Lapkin, 2000) le tuiscint go mbíonn T1 ag teastáil ó dhaltaí tumoideachais lena machnamh a stiúradh agus iad ag plé le hábhar casta.

Ní hamháin go n-áitíonn taighdeoirí tumoideachais go gcabhraíonn cleachtais thras-teanga le daltaí tumoideachais ábhar casta a láimhseáil, ach áitíonn siad freisin go dtacaíonn na cleachtais thras-teanga sin le forbairt T2 i measc daltaí tumoideachais (Behan, Turnbull & Spek, 1997; Cummins, 2014; Swain & Lapkin, 2000, 2013; Turnbull, Cormier & Bourgue, 2011). Dar le taighdeoirí tumoideachais eile (mar shampla Lyster, Collins & Ballinger, 2009; Lyster, Quiroga & Ballinger, 2013), cothaíonn tionscnaimh ina léitear ábhar dátheangach amach os ard díograis mhór i measc múinteoirí agus foghlaimeoirí agus tarraingíonn siad aird daltaí tumoideachais ar an bhfoirm theangeolaíoch.

D’fhéadfadh idé-eolaíocht an trasteangaithe a bheith úsáideach d’oideachasóirí tumoideachais mar go soláthraíonn sé paraidím úr don phlé ar nádúr na foghlama dátheangaí agus ar sholáthar an oideachais dhátheangaigh agus ilteangaigh in Éirinn (Ó Brolcháin, 2017). Aithnítear go forleathan áfach, go gcaithfear a bheith airdeallach i gcomhthéacsanna áirithe agus go speisialta i múnlaí oideachais dhátheangaigh ina bhfuil mionteanga á múineadh. Léirítear gur féidir le pobail dhátheangacha, an mórtheanga a shealbhú gan mórán stró ach go mbaineann roinnt deacrachtaí le sealbhú na mionteanga má laghdaítear an t-ionchur sa teanga sin (Gathercole & Thomas, 2005). Sa Ghaeltacht comhaimseartha mar shampla eile, ina bhfuil caighdeán na Gaeilge labhartha tite go suntasach i measc daltaí (Harris *et al.*, 2006),

aithnítear go bhfuil an Béarla in uachtar mar ghnáth-theanga chumarsáide i bhformhór na mbunscoileanna Gaeltachta, fiú sna ceantair is láidre Gaeltachta (Mac Donnacha *et al.*, 2005), agus gur treise cumas an Bhéarla ná cumas na Gaeilge i measc daltaí, fiú amháin sa chás gurb í an Ghaeilge a dteanga baile (Péterváry *et al.*, 2014). Sa 'dátheangachas aontreoch' seo, baintear úsáid as mórtheanga in áit na mionteanga (Ballinger & Lyster, 2011; Hickey, 2007) agus braitear go láidir go ndéanfadh cur chuige níos scaoilte, ar nós na trasteangaithe, dochar don Ghaeilge (Nic Pháidín, 2003; Ó Curnáin, 2009).

4. Teannas sa dioscúrsa

Cé go bhféadfaí leas a bhaint as T1 na ndaltaí mar uirlis chumhachtach chun machnamh atá casta ó thaobh na cognaíochta de a stiúradh (Vygotsky, 1986), tugtar tacaíocht fhollasach cheana féin don dá theanga teagaisc sa tumoideachas. Is as sin a eascraíonn an dátheangachas suimitheach. Mar sin, cé na tairbhí a d'fhéadfadh teacht as úsáid T1 a spreagadh i rith teagasc ábharbhunaithe sa tumtheanga?

Bíonn teagmháil fairsing leis an tumtheanga de dhíth ar fhoghlaimoirí tumoideachais (Krashen, 1985), mar aon le cleachtas ar a húsáid (Swain, 1985). Téann aisghabháil agus úsáid mhéadaithe i bhfeidhm ar dhoimhneacht na próiseála agus neartaíonn siad na naisc, rud a fhágann gur fusa teacht orthu le linn an ghinchumais ar líne (deBot, 1996; DeKeyser, 2007). Bíodh is go léiríonn daltaí tumoideachais líofacht agus muinín agus iad ag úsáid T2, tá leibhéal an chruinnis in T2 agus réimse na n-inniúlachtaí in T2 a bhaintear amach faoi bhun leibhéal an chainteora dúchais (Harris *et al.*, 2006). Má spreagtar úsáid T1 sa tumoideachas, conas is féidir cur ar chumas na bhfoghlaimoirí a n-eolas faisnéiseach ar an tumtheanga a úsáid ar bhealaí atá dúshlánach ó thaobh na cognaíochta de chun gur féidir gnásanna a dhéanamh de léirithe nua-anailísithe agus chun go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid gan choinne?

Tá fianaise ann freisin nach bhfuil noirm an chainteora dúchais ná sealbhú iomlán ná saibhriú na teanga á mbaint amach ag cainteoirí dúchais óga na Gaeilge (Péterváry *et al.*, 2014). Tá drochthionchar ar an inniúlacht sa Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta mar thoradh ar líon níos mó cainteoirí Béarla i scoileanna Gaeltachta, rud is cúis leis an dátheangachas dealaitheach i measc cainteoirí dúchais (Hickey, 2001; Péterváry *et al.*, 2014). Cén fáth, mar sin, ar cheart úsáid níos mó na mórtheanga a chur chun cinn i seomraí ranga sa Ghaeltacht? Bíonn forbairt mhionteanga i gcomhthéacs na Gaeltachta dúshlánach (d'fhoghlaimoirí na mórtheanga agus na mionteanga araon) mar thoradh ar stádas ard an Bhéarla mar mhórtheanga sa tsochaí. Cé go bhfuil fiúntas ag baint le teoiric an trasteangaithe, déantar iarracht sa staidéar seo teacht ar thuiscintí agus ar eispéiris múinteoirí maidir le conas an tacaíocht sin a chur i bhfeidhm ar bhonn oideolaíoch. Béim lárnach den taighde seo, dá bhrí sin, is ea scagadh a dhéanamh ar thuiscintí múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge agus ar raon agus ar nádúr a n-eispéireas agus iad ag gabháil do chuir chuige thras-teanga oideolaíocha ina seomra ranga. D'fhéadfadh an taighde seo cabhrú chun an bhearna a dhúnadh idir ábhair inní theoriciúla agus oideolaíocha maidir leis an trasteangú san oideachas lán-Ghaeilge.

5. Modheolaíocht

5.1 Cuspóir an taighde

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo léargas a fháil ar ról an Bhéarla lasmuigh de cheacht an Bhéarla in ardranganna i suímh tumoideachais i nGaelscoileanna agus sa Ghaeltacht. Is de réir dearcadh múinteora eolaigh agus dearcadh atá fréamhaithe sa seomra ranga a fhéachtar ar thrasteangú. Trí pheirspictíocht shoch-chultúrtha a ghlacadh sa staidéar seo, cuirtear feabhas ar na tuiscintí reatha ar pheirspictíochtaí, cleachtais agus próisis múinteoirí san iduibríú casta seo. Cuireann sé creat cabhrach ar fáil chun féachaint ar eispéiris múinteoirí tumoideachais agus ar an mbrí a leagann siad ar na heispéiris sin. Ina theannta sin, cuireann

creat soch-chultúrtha ar ár gcumas léiriú a fháil ar an gcaoi a ndéanann múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge, trí leas a bhaint as dioscúrsa an tseomra ranga maidir le spriocanna a bhaint amach, bainistíocht ar ghníomhaíocht an tumtheagaisc agus ar nádúr a bpoist mar mhúinteoirí i bpobail ranga san fhíorshaol.

5.2 Rannpháirtithe

Roghnaíodh ceithre cinn de scoileanna lán-Ghaeilge le bheith páirteach sa staidéar seo – dhá scoil sa Ghaeltacht agus dhá scoil lasmuigh den Ghaeltacht. Roghnaíodh ceannairí scoile, múinteoirí ardranga, agus múinteoirí eile a bhfuil taithí ábhartha acu ar na hardranganna chun páirt a ghlacadh sa staidéar seo. Tá achoimre ar na rannpháirtithe le fáil i dTábla 2.


Tábla 2: Achoimre ar na rannpháirtithe

Comhthéacs scoile	Príomhoidí	Múinteoirí ardranga	Múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne	Líon iomlán na rannpháirtithe
Gaelscoil	2	4	6	12
Scoil Ghaeltachta (Catagóir C)	2	4	3	9
Iomlán	4	8	9	21

5.3 Bailiú sonraí

Cás-staidéar coiteann a bhí sa staidéar (Stake, 1995). Cás ar leith a bhí i ngach comhthéacs lán-Ghaeilge; ar 4 chás a bunaíodh an anailís mar sin. Baineadh leas as roinnt uirlisí bailithe sonraí chun iniúchadh a dhéanamh ar fhairsinge agus ar shaibhre thuiscintí agus eispéiris na rannpháirtithe maidir leis an trasteangú. Féach Fíor 1 thíos le haghaidh achoimre ar na modhanna bailithe sonraí.

Fíor 1: Modhanna bailithe sonraí a úsáideadh chun peirspictíochtaí agus eispéiris múinteoirí i leith an trasteangaithe a thuiscint



Rinneadh agallaimh leathstruchtúrtha le beirt mhúinteoirí ardranga ó gach scoil chun a dtuiscint agus a n-eispéiris ar an trasteangú a mhealladh. Rinneadh agallamh freisin le gach ceannaire scoile chun a léargais, tuiscintí agus cumais a fháil amach maidir le ról an Bhéarla sa chomhthéacs lán-Ghaeilge. Rinneadh breathnóireacht sa seomra ranga in éindí le múinteoir amháin ó gach scoil chun roinnt peirspictíochtaí agus cleachtais éagsúla a bhaineann leis an trasteangú a nochtadh agus a dheimhniú (i. ceathrar ar an iomlán). Rinneadh ceithre agallamh le fócasghrúpa freisin chun sonraí a ghiniúint. I measc rannpháirtithe an fhócasghrúpa, áiríodh múinteoirí ardranga, múinteoirí tacaíochta foghlama agus múinteoirí acmhainne, agus bhí taithí leis na hardranganna ag na múinteoirí ar fad. Ina theannta sin, chuaigh na taighdeoirí i mbun anailís chórasach chriticiúil ar an doiciméadúchán, mar shampla polasaithe scoile, pleananna curaclaim, agus pleananna múinteoirí. Fuair na taighdeoirí cead eitice ó Bhord Eitice a gcoláiste chun tabhairt faoin taighde, thug na rannpháirtithe ar fad cead eolasach páirt a ghlacadh agus thuig siad go bhféadfadh siad tarraingt siar ag am ar bith. Ainmneacha bréige atá in úsáid do rannpháirtithe san alt seo ar mhaithe le cosaint chéannachta.

5.4 Anailís ar shonraí

Rinne gach taighdeoir códú córasach leis féin trí na sonraí ar fad a léamh agus a athléamh. Tháinig na taighdeoirí sin le chéile ina dhiaidh sin agus chomhroinn siad na hanailísí tosaigh, shainaithin siad gnéithe coiteanna sa chódú, agus phléigh siad neamhréireachtaí. Trí iniúchtaí éagsúla ar an ngaol idir na haonaid sin, cinneadh go raibh cóid áirithe ina bhfo-thacair de chóid eile agus, dá bharr sin, cuireadh le chéile iad (Cohen, Mannion & Morrison, 2000). Ar deireadh, rinneadh na téamaí lárnacha comhaontaithe i ndáil le tuiscintí agus eispéiris múinteoirí ar an trasteangú a bheachtú agus a lipéadú.

6 Torthaí

Rinneadh eispéiris na rannpháirtithe a aicmiú de réir ceann de na trí théama seo a leanas: feidhmeanna úsáid na mórtheanga i dteagasc na mionteanga; feasacht ar ról agus ar nádúr úsáid na mórtheanga sa teagasc; agus aincheisteanna oideolaíochta maidir le húsáid na

mórtéanga i gcomhthéacsanna miontéanga. Cuirfear dhá théama díobh sin, feidhmeanna úsáid T1 agus feasacht ar ról agus ar nádúr T1, i láthair sa pháipéar seo.

6.1 Feidhmeanna úsáid na mórtéanga i dteagasc na miontéanga

Cé gur mheas na rannpháirtithe gur rud neamh-inmhianaithe é úsáid T1 sa seomra ranga lán-Ghaeilge, dhealraigh sé nár réitigh na prionsabail chreidimh sin agus cleachtais a chonacthas i measc múinteoirí. Sa phictiúr a tháinig chun solais anseo, léirítear míréir áirithe idir na prionsabail chreidimh shonraithe atá ag múinteoirí agus a gcleachtais iarbhír. Bhí éagsúlacht mhór le feiceáil idir an úsáid a bhain na múinteoirí éagsúla as T1, agus bhain siad leas as éagsúlacht mhór cleachtais trasteangaithe ar chúiseanna éagsúla. Féach Tábla 3 le haghaidh achoimre ar na cleachtais sin.

Tábla 3: Feidhmeanna úsáid T1 sa chomhthéacs lán-Ghaeilge

Feidhm	Tuairisc
Stór focal nach bhfuil ar eolas/aistriúchán	<p>Cuireann múinteoirí stór focal sa mhiontéanga i láthair tríd an bhfocal comhionann sa mhórtéanga a úsáid sa teagasc ábharbhunaithe chun modhnú nach gá ar an ionchur a sheachaint agus chun sruth an cheachta a choinneáil.</p> <p>Aimsíonn na foghlaimeoirí stór focal nach bhfuil ar eolas acu sa mhiontéanga ag úsáid focail choibhéiseacha sa mhórtéanga agus iad ag iarraidh táirge deiridh a réiteach sa tumtéanga.</p> <p>Iarrtar ar na foghlaimeoirí focail choibhéiseacha Ghaeilge (curtha ar fáil ag múinteoirí sa teagasc ábharbhunaithe) a bhreacadh síos i dtéacsleabhair Bhéarla ábharbhunaithe.</p>
Tascanna fiosraithe teanga (.i. aird an dalta a dhíriú ar an bhfoirm theangeolaíoch trí chomparáidí tras-teanga)	Déantar an ghramadach a theagasc go loighciúil agus a chleachtadh go comhoibríoch trí aistriúchán T1/T2 leis an aip Duolingo (le béim ar leith ar an deilbhíocht agus ar an léacsas).
Aistriú tras-teanga agus feasacht mheititheangeolaíoch	Spreagann múinteoirí daltaí chun naisc thras-teanga a dhéanamh i ranganna T1/T2 agus i ranganna ábharbhunaithe, mar shampla straitéisí a bhaineann le cúrsaí meiteachognaíocha (úsáid físeach srl.), meititheangeolaíocha (sealbhú stór focal srl.), feasacht fhóineolaíoch agus scileanna litearthachta (seánraí).
Dátheangachas suimitheach	Déantar teanga a bhaineann go sonrath le disciplín a theagasc do na daltaí ar bhealach dátheangach, mar shampla trí cheacht ábhair a theagasc i gcásanna áirithe (Matamaitic agus Stair) lena chinntiú go mbaineann na daltaí ar fad an dátheangachas suimitheach amach, agus go háirithe i measc na ndaltaí sin a théann ar aghaidh chuig oideachas dara leibhéal trí Bhéarla (.i. an téarmaíocht ábhartha don disciplín sa Bhéarla a thabhairt dóibh). Tá an cur chuige sin dírithe freisin ar ábhair imní a bhíonn ag tuismitheoirí maidir le

	scrúduithe iontrála le haghaidh iar-bhunscoileanna Béarla.
Rochtain a fháil ar choincheapa casta	Úsáideann na múinteoirí an mhórtheanga chun deacrachtaí tuisceana na ndaltaí a réiteach sa teagasc ábharbhunaithe, mar shampla le cinntiú go dtuigeann na daltaí coincheapa nua casta sa mhatamaitic.
Difreáil (deacrachtaí tuisceana/cumarsáide na ndaltaí a réiteach)	Úsáideann na múinteoirí an mhórtheanga chun deacrachtaí cumarsáide a réiteach agus chun dlús a chur leis an bpróiseas foghlama, go háirithe le haghaidh daltaí ar chumas níos ísle.
Ginchumas sa mhionteanga (ó bhéal agus i scríbhinn)	Faigheann na foghlaimeoirí faisnéis i mBéarla ar bhealach glacach agus iarrtar orthu é sin a ghiniúint sa Ghaeilge.
Smacht	Úsáidtear T1 chun smacht a chur ar an rang nó ar dhalta ar leith.
Imní an fhoghlaimeora a laghdú	Úsáideann múinteoirí T1 na ndaltaí chun a n-imní a laghdú, mar shampla chun freastal ar riachtanais mhothúchána agus shóisialta.
Cumarsáid idir an baile agus an scoil	Cé go mbíonn ábhar á theagasc ag múinteoirí sa tumtheanga amháin, baintear leas as téacsleabhair Bhéarla chun an dátheangachas suimitheach a chur chun cinn agus chun cabhrú le tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu tacú lena leanaí ina gcuid obair bhaile.
Bearta éifeachtúlachta/bearta a shábhálann am i gceachtanna ábhair	Úsáideann múinteoirí códmhalartú chun mionathruithe ar an ionchur sa mhionteanga a sheachaint agus chun ceachtanna ábhair a choimeád ar an mbóthar ceart ar bhealach tráthúil.
Rannpháirtíocht na ndaltaí a chur chun cinn	Úsáideann múinteoirí códmhalartú chun cur le spreagadh na ndaltaí agus chun rannpháirtíocht na ndaltaí a chur chun cinn i rith ceachtanna ábhair.
Dul siar ar cheachtanna ábhair agus ceachtanna ábhair a chur i gcrích	Úsáideann múinteoirí meáin (mar shampla físeán sa mhórtheanga) chun dul siar ar phointí lárnacha i gceachtanna ábhair.
Idirghníomhaíochtaí idir foghlaimeoirí bunaithe ar thascanna	Úsáideann daltaí an mhórtheanga mar uirlis chun tuiscint ar an tasc agus ar an ábhar a stiúradh.

Bíodh is go bhfuil tagairt i ndoiciméid churaclaim (Curaclam na Bunscoile, 1999; Curaclam Teanga na Bunscoile, 2015) do naisc thras-teanga mar chur chuige chun an fheasacht mheititheangeolaíoch a chur chun cinn, níor léir tagairt do chleachtais den sórt sin i mbeartais scoile, pleananna curaclaim ná doiciméadúchán a bhain le pleananna múinteoirí. Thabharfaí le tuiscint leis an toradh sin gur de nádúr neamhbheartaithe, teagmhasach agus neamhchórasach na cleachtais trasteangaithe thuasluaite, agus gur dhébhrioch agus neamh-chomhsheasmhach iad dá bhrí sin. Áitíonn scoláirí áirithe gur gá cleachtais trasteangaithe a phleanáil le cinntiú go ndéantar malartú córasach idir teangacha an ionchuir agus an aschuir ionas nach mbíonn ceachtar den dá theanga (mionteanga nó mórtheanga) in iomaíocht ó thaobh ama ná stádais de (Baker 2001; 2011; Baker & Wright, 2017).

6.2 Feasacht ar ról agus ar nádúr úsáid na mórtheanga i dteagasc na mionteanga

6.2.1 T1 mar acmhainn chognaíoch

Thuairiscigh na múinteoirí gur bhain na foghlaimeoirí leas as an mórtheanga chun an chumarsáid a éascú agus chun giniúint agus foghlaim na mionteanga a scafláil. Mhínigh múinteoir amháin in agallamh conas a bhain daltaí dá cuid leas as meáin atá feabhsaithe ag an teicneolaíocht i bhfoirm aip aistriúcháin i ngrúpaí comhoibríocha chun forbairt idirtheanga a éascú. Chreid sí gur cuireadh feabhas ar inniúlacht na ndaltaí sa tumtheanga mar thoradh ar an idirphlé comhoibríoch sin a bhí dírithe agus trialach. Chonacthas samplaí eile den chineál céanna sa chleachtas, mar shampla focail choibhéiseacha a aimsiú nó a sholáthar sa mhionteanga nó sa mhórtheanga agus aird á tarraingt ag an am céanna ar an bhfoirm i gceachtanna ábhair. Sa sliocht seo a leanas, míníonn Síle conas a chaomhnaigh sí ardchaighdeáin theangeolaíocha an tseomra ranga fad is a chuir sí ar a gcumas ag na daltaí an mhórtheanga a úsáid mar uirlis chognaíoch agus, ar an gcaoi sin, comparáidí agus naisc thras-teanga a dhéanamh.

Sa cheol, ní raibh an foclóir acu chun uirlisí éagsúla a ainmniú ... chuir siad liosta le chéile as béarla, d'aistrigh siad an liosta go Gaeilge ansin agus bhí an chaint ar fad as Gaeilge sa rang agus an téarmaíocht nua foghlamtha acu sa turas.

(Síle, Grúpa Fócais)

Thug Máire léargas ar na buntáistí a bhaineann leis an mórtheanga a úsáid mar uirlis chognaíoch ar féidir le daltaí leas a bhaint aisti agus iad ag gabháil do thascanna comhoibríocha teicneolaíocht-bhunaithe atá dírithe ar an ábhar.

Maidir le tionscadail taighde, bíonn an t-uafás le léamh acu mar gheall ar an topaic i mBéarla ón idirlíon agus bíonn orthu anailísiú agus sintéisiú a dhéanamh chun achoimre le ciall a chur le chéile i nGaeilge – nach bhfuil an-scil bainteach leis sin?

(Máire, Agallamh aonair)

6.2.2 T1 mar uirlis idirghabhála

Úsáideann daltaí tumoideachais T1 mar uirlis chun tuiscint ar an tasc agus ar an ábhar a stiúradh (Turnbull, Cormier & Bourque, 2011). Sa sliocht thíos, léiríonn Seán an tuiscint atá aige ar nádúr casta an tsealbhaite teanga mar úsáideann daltaí T1 (i bhfoirm urlabhra phríobháideach) chun aird a dhíriú ar ardfheidhmeanna meabhracha, chun iad a fhorbairt, a eagrú agus/nó a rialú. Ina theannta sin, léiríonn sé a thuiscint ar an ngaol idir an chognaíocht agus na mothúcháin sa phróiseas foghlamtha teanga.

Cabhraíonn sé leo le tuiscint – muna bhfuil siad in ann iad féin a chur i iúl – ach go háirithe ... leanaí le fadhbanna cumarsáide. Cabhraíonn sé leo an teanga a phróiseáil ina ceann agus a aistriú go béarla agus ansin í a aistriú go Gaeilge arís – tógann sé sin am agus ní mór do mhúinteoirí a bheith ar an eolas mar gheall ar sin agus gan léim isteach mar tá sé tábhachtach féinmhuinín na bpáistí a chur chun cinn

(Seán, Agallamh aonair).

Nuair a cuireadh ceist uirthi maidir le fiúntas na gcleachtas trasteangaithe, chreid Áine gur cheart go mbeadh cead ag daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge an mhórtheanga a úsáid chun a mbealach a dhéanamh trí smaointe atá casta ó thaobh na cogaíochta agus na mothúchán de.

Tá an t-ábhar an-spéisiúil ar fad agus braithim go n-oibreodh sé i gcomhthéacsanna áirithe sa scoil anseo, b'fhéidir le haghaidh Mata...an t-ábhar a mhúineadh trí theanga na scoile (an Ghaeilge) ach seans a thabhairt do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar choincheapanna i ngrúpaí trí Bhéarla.

(Áine, Agallamh Aonair).

Léiríodh sa bhreathnóireacht ranga cásanna eile i rith tascanna comhoibríocha ábharbhunaithe inar bhain foghlaimeoirí leas as T1 chun a bhfoghlaím T2 a stiúradh. Thuairiscigh múinteoirí (N=4) freisin go raibh T1 in úsáid mar uirlis bhainistíochta chomh maith chun an smacht sa rang a choimeád.

B'fhéidir rud éigin dáiríre a tharla agus gur mhaith leat stop a chur le rud éigin agus rud éigin a mhíniú i gceart as Béarla déarfá, 'Right lads, I'm going to say this now in English,' ionas go dtuigfeadh gach duine díreach cé chomh dáiríre is a bhí an cás, nó pé rud a tharla agus an teachtaireacht cheart a chur trasna.

(Liam, Grúpa Fócais).

Cé go léiríonn úsáid T1 i gcásanna den sórt sin go bhfuil tábhacht ar leith leis an teachtaireacht, léiríonn sé freisin do na daltaí nach gá dul i muinín T2 má tá rud tábhachtach le rá. Ina theannta sin, neartaíonn na cleachtais sin stádas na mórtheanga sa tsochaí mar an t-aon teanga amháin a bhfuil fíorthábhacht réalaíoch ag baint léi.

6.2.3 T1 mar bhac de chineál éigin

Bíodh is go measann go leor múinteoirí gur gá úsáid a bhaint as T1, ní rud inmhianaithe é sin dar leo (N=5). Bhí na rannpháirtithe ar fad den tuairim gur rud frithiomasach a bheadh in úsáid fairsing T1 ag an múinteoir sa seomra ranga lán-Ghaeilge agus go gcuirfeadh sé isteach ar fheabhas a chur ar an inniúlacht sa Ghaeilge.

D'fhéadfadh daltaí neamhaird a dhéanamh ar ionchur sa Ghaeilge mar gheall ar chódmhalartú...

(Sarah, Grúpa Fócais).

Dá ligfí d'fhoghlaimeoirí gabháil don trasteangú, chreid roinnt múinteoirí (N=5) go bhféadfadh sé tarlú go n-úsáidfeadh na daltaí an mhórtheanga nuair a bheadh deacracht cumarsáide acu seachas na foghlaimeoirí a spreagadh a n-acmhainní teanga sa mhionteanga a leathnú.

Má bhíonn deiseanna tugtha dóibh Béarla a labhairt go hoscailte, ní dhéanfaidh siad iarracht ar bith an Ghaeilge a úsáid agus a chur chun cinn...

(Nóra, Agallamh aonair).

Luaigh roinnt múinteoirí (N=9) go mbíonn teangacha in iomaíocht lena chéile le haghaidh ama agus stádais sa suíomh lán-Ghaeilge, agus bhí siad meáite ar spriocanna an chláir a bhaint amach trí ardchaighdeán teanga, cultúir agus comhthéacs a chruthú agus a chothú don chomhthéacs lán-Ghaeilge. In agallamh leis, thug príomhoide amháin an léargas seo a leanas maidir le húsáid mhéadaithe na mórtheanga i suíomh na mionteanga.

Níl sé briste – bíonn páistí ar chomhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ná páistí i scoileanna lán-Bhéarla agus iad a fágaint - cén fáth go mbeadh orainn am sa bhreis a thabhairt don Bhéarla anois ar chostas na Gaeilge?

(Tadhg, Agallamh aonair).

Ceal fianaise eimpíricí lena dtacaítear le cleachtas an trasteangaithe sa seomra ranga lán-Ghaeilge, tá réasúnaíocht láidir sa sliocht thuas ar son spás ar leith a choimeád don mhórtheanga mar “an ideal pedagogical practice” (Ballinger et al. 2017, lch 30). Tá treoir agus soiléireacht bhreise ag teastáil ó mhúinteoirí chun féachaint ar a fhéideartha atá sé leas a bhaint as oideolaíocht thras-teanga san oideachas lán-Ghaeilge.

7 Focal scoir agus an bóthar romhainn

Is léir go bhfuil ról casta ag an mórtheanga san oideachas lán-Ghaeilge. Bíodh is go mbeifí den tuairim go bhfuil na polasaithe agus an cleachtas dírithe go príomha i gcónaí ar spásanna aonteangacha teagaisc a chothú do gach teanga san oideachas lán-Ghaeilge, a mhalairt atá fíor de réir thorthaí an taighde seo. In ainneoin iad a bheith imníoch faichilleach maidir leis an mórtheanga a úsáid i seomra ranga na mionteanga, bhain na múinteoirí úsáid as cleachtais oideolaíocha thras-teanga éagsúla ar bhealaí a bhí idir fhiúntach agus ad hoc. Mar sin féin, músclaímid ceisteanna maidir lena éifeachtaí is a chuir siad na cleachtais trasteangaithe sin i bhfeidhm agus cibé acu an raibh nó nach raibh siad oiriúnach do gach foghlaimeoir tumoideachais agus do gach comhthéacs lán-Ghaeilge. An cheist ríthábhachtach, dar ndóigh, ná conas is féidir cleachtais trasteangaithe a fhorbairt i gcomhthéacsanna lán-Ghaeilge ar bhealaí nach gcuireann isteach ar ardchaighdeán theangeolaíocha ná ar an gcleachtas seomra ranga atá idirghníomhach agus dírithe ar an mbrí. Cé gur fealsúnacht chumhachtach oideolaíochta é an trasteangú atá feiliúnach do réimse leathan chomhthéacsanna oideachais dháttheangaigh, aithnítear áfach go gcaithfear a bheith airdeallach maidir lena chur i bhfeidhm i dtimpeallachtaí sochtheangeolaíochta agus oideachais ina bhfuil mionteanga i mbaol mar theanga phobail. Sna Gaeltachtaí Chatagóir A mar shampla, aithnítear go gciallódh cur chuige ina mbeadh ról níos lárnaí bronnta ar mBéarla, go ndéanfaí cinntí i dtreo na mórtheanga sin, agus go ndéanfaí tuilleadh dochair do staid leochaileach na Gaeilge dá bharr (Ó Curnáin, 2009). Tarlóidh sé seo mar gheall ar uileláithreachtaí an Bhéarla agus an neamhchothromaíocht a fheictear idir é agus an Ghaeilge.

Ba mhinic a bhí tuairimí éagsúla a bhí ag teacht salach ar a chéile ag na múinteoirí sa staidéar seo maidir le céard is trasteangú ann, agus conas, cén uair agus cén fáth a dtugtar faoin trasteangú sa chomhthéacs lán-Ghaeilge. Tharla sé uaireanta go raibh éagsúlacht ann idir an méid a chreideann múinteoirí gur cheart dóibh a dhéanamh agus an méid a bhíonn ar siúl acu i dtéarmaí úsáid T1. Bíonn gá le hidirphlé gairmiúil eolasach ar leibhéal na scoile chun iniúchadh a dhéanamh go comhpháirteach ar an gcomhtháthú idir teangacha agus tharstu lena chinntiú go mbíonn ann d'fhís chomhroinnte atá bunaithe ar thuiscintí coiteanna. Soláthróidh an fhís choiteann sin ionchais shoiléire ina dhiaidh sin do na daltaí maidir le húsáid T1/T2 agus cuirfear feabhas ar chomhsheasmhacht chleachtais na múinteoirí de réir mar a bhaineann le húsáid T1/T2 sa seomra ranga lán-Ghaeilge.

Cé go n-eascaíonn comhsheasmhacht na gcleachtas as fíis scoile choiteann agus as ceannaireacht eolasach, bíonn treoirilínte oideolaíocha agus samplaí ag teastáil ó mhúinteoirí chun tacú leo inniúlachtaí a fheabhsú sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus i dteangacha eile tríd an trasteangú. Ar an ábhar sin, bíonn gá le deiseanna forbartha gairmiúla ar fud an leanúntais in oideachas múinteoirí ní hamháin chun critíc a dhéanamh ar chleachtais ábhartha, chun iad a chomhroinnt agus a fhorbairt, ach ina theannta sin chun múinteoirí lán-Ghaeilge a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar a gcleachtais féin agus dearcadh criticiúil a fhorbairt ar an úsáid a bhaineann siad féin as T1.

Cé go mbíonn múinteoirí ag baint úsáid as cleachtais trasteangaithe ar chúiseanna sainithe, tá sé bunriachtanach freisin go bhféachfar ar thorthaí agus ar éifeachtaí na gcleachtas éagsúil sin i dtéarmaí T1, T2 agus gnóthachtáil acadúil. Tá sé tábhachtach taighde a dhéanamh ar an trasteangú trí lionsa soch-chultúrtha sa chomhthéacs lán-Ghaeilge le cinneadh an oireann cleachtais trasteangaithe le haghaidh gach foghlaimeora T1/T2 agus le haghaidh gach comhthéacs lán-Ghaeilge (.i. scoileanna Gaeltachta agus gaelscoileanna). I bhfocail eile, is gá *oideolaíochtaí tras-teanga* a oireann don chomhthéacs (Ballinger et al. 2017) a shainaithint lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na ndaltaí, ar spriocanna tumoideachais agus ar athneartú na mionteanga. Tá easpa mhór taighde déanta ar an trasteangú i gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge agus is gá iniúchadh breise a dhéanamh chun an beartas oideachais a mhúnlú.

Tagairtí

- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, (1999) *Curaclam na Bunscoile*. Ar fáil ag http://www.ncca.ie/ga/Curaclam-agus-Meas-nacht/Oideachas-Luath-ige-agus-Bunscoile/Oideachas-Bunscoile/Curaclam_na_Bunscoile/
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, (2015) *Curaclam Teanga na Bunscoile*. Ar fáil ag <http://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Language-New-Junior-infants-2nd-class?lang=ga-IE>
- An Príomh-oifig Staidrimh (2016) Census Summary Results Part 1: Chapter 7: The Irish Language. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair
- Baker, C. (2001) *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism* (3rd ed.). Clevedon, UK: Multilingual Matters.
- Baker, C. (2011) *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism* (5th ed.). Clevedon, UK: Multilingual Matters.
- Baker, C., & Wright, W. (2017) *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*. (6th Ed.) Bristol: Multilingual Matters.
- Ballinger, S., & Lyster, R. (2011) Student and teacher oral language use in a two-way Spanish/English immersion school. *Language Teaching Research*, 15(3), 289–306.
- Ballinger, S., Lyster, R., Sterzuk, A. and Genesee, F (2017) Context-appropriate crosslinguistic pedagogy: Considering the role of language status in immersion education. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education* 5:1 (2017), 30–57. doi 10.1075/jicb.5.1.02bal
- Behan, L., Turnbull, M., & Spek, J. (1997) The proficiency gap in late immersion (extended French): Language use in collaborative tasks. *Le Journal de l'Immersion*, 20, 41–42.
- Canagarajah, S. (2011) Translanguaging in the classroom: Emerging issues for research and pedagogy. *Applied Linguistics Review*, 2, 1–28.
- Cohen, L., Mannion, L., & Morrison, K. (2000). *Research Methods in Education* (5th ed.). New York, NY and London, UK: Routledge Falmer Academic Publishers.
- Council of Europe. (2000) *Common European framework of references for languages: Learning, teaching, assessment*. Language Policy Division. Strasbourg. Retrieved from <http://www.coe.int/t/dg4/linguistic/Source/Framework_EN.pdf>
- Cummins, J. (2014) Rethinking pedagogical assumptions in Canadian French immersion programs. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 2(1), 3–22. doi: 10.1075/jicb.2.1.01cum
- de Bot, K. (1996) The psycholinguistics of the output hypothesis. *Language Learning*, 46(3), 529–555. doi: 10.1111/j.1467-1770.1996.tb01246.x
- DeKeyser, R. (2007) Skill acquisition theory. In B. VanPatten & J. Williams (Eds.), *Theories in Second Language Acquisition: An Introduction* (pp. 97–113). Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum Associates.
- García, O. (2009) *Bilingual Education in the 21st Century: A Global Perspective*. Oxford: Wiley Blackwell.
- García, O. (2018) *Translanguaging and multilingualism in schools*. Plenary presentation at CCERBAL2018, conference of the Canadian Centre for Studies and Research on Bilingualism and Language Planning. University of Ottawa, Ottawa, Canada.
- García, O., & Wei, L. (2014) *Translanguaging: Language, Bilingualism, and Education*. London: Palgrave MacMillan.
- Gathercole, V.C.M. and Thomas, E.M., 2009. Bilingual first-language development: Dominant language takeover, threatened minority language take-up. *Bilingualism: Language and Cognition*, 12(2), pp.213-237.
- Gilleece, L., Shiel, G., Clerkin, A. and Millar, D. (2011) *The 2010 national assessments of English reading and mathematics in Irish-medium primary schools*. Main report. Dublin: Educational Research Centre.
- Harris, J. (1988) Spoken Irish in the primary school system. *The International Journal of the Sociology of Language*, 70, 69-87.

- Harris, J. and Murtagh, L. (1987) Irish and English in Gaeltacht primary schools. In G. Mac Eoin, A. Ahlqvist and D. Ó hAodha (Eds.). *Third International Conference on Minority Languages: Celtic Papers. Multilingual Matters*, 32, 104-124. Clevedon: Multilingual Matters.
- Harris, J. and Murtagh, L. (1988) National assessment of Irish language speaking and listening skills in primary school children: Research issues in the evaluation of school-based heritage-language programmes. *Language, Culture and Curriculum*, 1, (2), 85-130.
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S. and O' Gorman, M. (2006) *Irish in Primary Schools – Long Term National Trends in Achievement*. Dublin: Government Publications.
- Hickey, T. (2007). Children's language networks and teachers' input in minority language immersion: What goes in may not come out. *Language and Education*, 21(1), 46–65.
- Hickey, T. (2001) 'Mixing Beginners and Native Speakers in Minority Language Immersion: Who is Immersing Who?' *The Canadian Modern Language Review*, Ontario: University of Toronto Press, 443-451.
- Krashen, S. (1985) *The Input Hypothesis: Issues and Implications*. New York, NY: Longman.
- Kroll, J., Bobb, S., & Hoshino, N. (2014) Two languages in mind: Bilingualism as a tool to investigate language, cognition, and the brain. *Current Directions in Psychological Science*, 23, 159–163. doi: 10.1177/0963721414528511
- Lewis, G., Jones, B. & Baker, C. (2012) Translanguaging: origins and development from school to street and beyond. *Educational Research and Evaluation*, 18 (7): 641-654.
- Luk, J., & Lin, A. (2015) Voices without words: Doing critical literate talk in English as a second language. *TESOL Quarterly*, 49, 67–91. doi: 10.1002/tesq.161
- Lyster, R. (2007) *Learning and Teaching Languages through Content: A Counterbalanced Approach*. Amsterdam: John Benjamins. doi: 10.1075/llt.18
- Lyster, R., Collins, L., & Ballinger, S. (2009) Linking languages through a bilingual read-aloud project. *Language Awareness*, 18, 366–383. doi: 10.1080/09658410903197322
- Lyster, R., Quiroga, J., & Ballinger, S. (2013) The effects of biliteracy instruction on morphological awareness. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 1(2), 169–197. doi: 10.1075/jicb.1.2.02lys
- Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghda, A., & Ní Mhainín, T. (2005) *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta: A Study of Gaeltacht Schools 2004*. BÁC: COGG
- Manyak, P. C. (2004) "What did she say?" Translation in a primary-grade English immersion class. *Multicultural Perspectives*, 6(1), 12–18. DOI: 10.1207/S15327892mcp0601_3.
- National Council for Curriculum and Assessment. (2006) *Language and Literacy in Irish-medium Primary Schools: Descriptions of Practice*. Dublin: Stationary Office.
- Nic Pháidín, C. (2003) "Cán fáth nach?" - ó chanúint go criól In R. Ní Mhianáin (Ed.), *Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Lítearthacht*, (pp. 113-130). BÁC: Cois Life.
- Otheguy, R., García, O., & Reid, W. (2015) Clarifying translanguaging and deconstructing named languages: A perspective from linguistics. *Applied Linguistics Review*, 6(3), 281–307.
- Ó Brolcháin, C. *Oideolaíocht an Trasteangaithe i mBunscoileanna na hÉireann: Páipéar Seasaimh ar a Poitéinseal i gComhthéacsanna Áirithe Léann Teanga: an Réiviú Iml. 5. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, NUIG.*
- Ó Ceallaigh, T. J. agus Ó Laoire, M. (eag.) (2016) *An Tumoideachas: Bua nó Dua? An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála / The Inaugural All-Ireland Research Conference on Immersion Education: Conference Proceedings*. Ar fáil ag <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/an-tumoideachas-bua-no-dua.pdf>
- Ó Curnáin, (2009). Mionteangú na Gaeilge [Minoritizing Irish]. In Brian Ó Catháin (Ed.), *Sochtheangeolaíocht na Gaeilge, Léachtaí Cholmcille XXXIX*, 90-152 [The sociolinguistics of Irish, Colmcille Lectures XXXIX]. An Daingean: An Sagart.
- Ó Duibhir, P. (2009) *The Spoken Irish of Sixth Class Pupils in Irish Immersion Schools*. Unpublished PhD in Applied Linguistics, Dublin, Trinity College.

- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & O'Brien, M. (2007) *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Gaeltacht: Príomhthátaí agus Moltaí*. BÁC: Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs.
- Parsons, C. and Lyddy, F. (2009) *Learning to Read in Irish and English: A Comparison of Children in Irish medium, Gaeltacht and English-medium Schools in Ireland*. Dublin: An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscoileanna.
- Parsons, C.E. and Lyddy, F. (2016) 'A longitudinal study of early reading development in two languages: comparing literacy outcomes in Irish immersion, English medium and Gaeltacht schools', *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 19 (5), 511-529.
- Péterváry, T.; Ó Curnáin, B.; Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J. (2014) *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An Sealbhú Teanga i measc Ghlúin Óg na Gaeltachta*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (bilingual report).
- Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A. and Millar, D. (2011) *The 2010 National Assessments of English Reading and Mathematics in Irish-Medium Schools: Summary Report*, Dublin: Educational Research Centre.
- Stake, R. E. (2005) Qualitative case studies. In N. K. Denzin, & Y. S. Lincoln (Eds.), *The Sage Handbook of Qualitative Research* (3rd ed.) (pp. 443-466). London: Sage Publications.
- Swain, M. (1985) Communicative competence: Some roles of comprehensible input and comprehensible output in its development. In S. Gass & C. Madden (Eds.), *Input in Second Language Acquisition* (pp. 235–256). New York, NY: Newbury House.
- Swain, M., & Lapkin, S. (2000) Task-based second language learning: The uses of the first language. *Language Teaching Research*, 4, 251–274. doi: 10.1191/136216800125087
- Swain, M., & Lapkin, S. (2013) A Vygotskian sociocultural perspective on immersion education: The L1/L2 debate. *Journal of Immersion and Content-Based Education*, 1, 101–129. doi: 10.1075/jicb.1.1.05swa
- Turnbull, M., Cormier, M., & Bourque, J. (2011) The first language in science class: A quasiexperimental study in late French immersion. *The Modern Language Journal*, 95, 182–198.
- Vygotsky, L. S. (1986) *Thought and Language* (A. Kozulin, trans.). Cambridge, MA: The MIT Press. (Original work published in 1934)